Luimneach	2 seachtaine	2	2
Lios Tuathail	1	1	1
Longfort	3	1	1
Baile Locha Riach	Moill ar Bith	Moill ar Bith	Moill ar Bith
Mala	1	2	1
Muineachán	3	3	1
Muileann gCearr	1.5	Up to 2	Up to 1
An Nás	4 to 5	3	Up to 2
An tAonach	1	1	1
Port Laoise	Up to 2	Up to 2	Up to 2
Ros Comáin	Moill ar Bith	Moill ar Bith	Moill ar Bith
Sligeach	Moill ar Bith	Moill ar Bith	Moill ar Bith
Durlas	1	1	Moill ar Bith
Trá Lí	Moill ar Bith	3	2
Baile Átha Troim	2	1.5	up to 1
Tuaim	Moill ar Bith	Moill ar Bith	1
Tulach Mhór	1	1	1
Port Láirge	5	3	4
Loch Garman	12	6	Moill ar Bith
Eochaill	3	3	3
Cathair Bhaile Átha Cliath	2.5	2	4
Dún Laoghaire	1	7	2.5
Sord	7	Moill ar Bith	2

CAIBIDIL 7
RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA

RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA CAITEACHAS AGUS IONCAM

	2007 € '000	2006 € '000
Caiteachas Reatha		
Tuarastail agus Pá	54,137	49,744
Taisteal agus Cothabháil	4,345	3,818
Oiliúint foirne agus bhreithiúnaí	1,249	1,095
Luathscríbhneoireacht agus táillí eile	4,895	4,410
Seirbhísí dlí	1,044	799
Seirbhísí poist	1,334	1,057
Teileachumarsáid	1,169	1,427
Trealamh agus ábhair oifige	1,374	1,310
Cothabháil tithe cúirte	11,777	11,135
Costais teasa, solais agus breosla	2,312	2,041
Troscán agus Feistis	891	1,229
Léasanna	6,152	6,086
Comhairleoireacht (Nach mbaineann le TF)	319	126
Comhairle Chorpraithe na hÉireann um Dhlí-Thuirisciú	41	41
Ilchostais/costais bhreise	3,410	3,116
Caiteachas Iomlán Reatha	94,449	87,434
Córais Teileachumarsáide	28	36
Córais TFC	9,231	8,362
Tithe cúirte agus foirgnimh eile	25,477	21,623
Caiteachas Caipitil Iomlán	34,736	30,021
Caiteachas Iomlán	129,185	117,455
Ioncam (Leithghabháil i gCabhair)		
Táillí	29,191	32,688
Cistí Díomhaoine na gCúirteanna (Cistí Agróirí)	-	-
Ilghnéitheach	1,041	878
Ioncam Iomlán	30,232	33,566
Caiteachas Glan	98,953	83,889

Nóta: Is figiúirí sealadacha iad seo agus iad faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Mar Oifigeach Cuntasaíochta ullmhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a théann in éindí leis na ráitis airgeadais bhliantúla. Téann an ráiteas seo i ngleic leis an timpeallacht um rialú inmheánach taobh istigh den tSeirbhís le haire ar leith ar an timpeallacht um rialú airgeadais, an creat riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus rialú inmheánach.

Cuireadh an ráiteas seo a leanas ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin isteach le cuntais Leithghabhála 2007. Tá na tionscnaimh ag cloí leis an gcleachtas is fearr i réimse an rialachais agus cloíonn siad freisin leis na moltaí atá sa Tuarascáil ar Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey)

FREAGRACHT MAIDIR LE CÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an tSeirbhís Chúirte córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Déantar cur síos thíos ar an timpeallacht um rialú airgeadais, creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

TIMPEALLACHT UM RIALÚ AIRGEADAIS

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- Tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- Tá coiste iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo fhreagracht maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

RIALÚCHÁIN RIARACHÁIN AGUS TUAIRISCIÚ BAINISTÍOCHTA

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta air
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne meastachán
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den tSeirbhís Chúirteanna
- Córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- Treoirínte rialaithe cuí d'infheistíocht chaipitiúil agus smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail i bhfeidhm.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir cairt atá ceadaithe agamsa. Cuireann sé anailís ar na prícaíl airgeadais atá os comhair na Seirbhíse san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánach. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánach i gcrích.



PJ Fitzpatrick

31 Márta 2008

** Ciallaíonn Oifig sa chás seo an tSeirbhís Chúirteanna*

TÁILLÍ & FÍNEÁLACHA CÚIRTE

TÁILLÍ

Bailíonn an tSeirbhís raon táillí thar ceann an Údaráis Cláraithe Maoine agus na Coimisinéirí loncaim. Baineann táillí an Údaráis Cláraithe Maoine le rochtain ar dhoiciméid atá á gcoinneáil go háitiúil in oifigí cúirte. Is dleachtanna máil dlíte ar iarratais áirithe ar an gcúirt agus ar sholáthar cóipeanna de chuid de na doiciméid seo iad na táillí a bhailítear ar son na gCoimisinéirí loncaim. Baineann seo go príomha le ceadúnú (mar shampla, iarratas ar cheadúnú speisialta).

	2007 (€ 000's)	2006 (€ 000's)
Coimisinéirí loncaim	10,743	10,795
Coinnithe ag an tSeirbhís	28,828	32,297
An tÚdarás Cláraithe Maoine	51	70
Iomlán	39,622	43,162

FÍNEÁLACHA

Bailíonn an tSeirbhís fíneálacha a ghearrann na Cúirteanna. Go minic, bailíonn an tSeirbhís na fíneálacha seo ar son na ngníomhaireachtaí rialtais nó na comhlachtaí poiblí eile (mar shampla, aistrítear fíneálacha iascaigh chuig An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha).

	2007 (€ 000's)	2006 (€ 000's)
Státhchiste (Fíneálacha Mótair)	12,806	13,418
Coimisinéirí loncaim	2,346	2,482
An Roinn Cumarsáide, Mara & Acmhainní Nádúrtha	251	310
Státhchiste	6,664	7,171
Iomlán	22,067	23,381

OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

SLIOCHT Ó NA RÁITIS AIRGEADAIS INIÚCHTA MAR A BHÍ AR 30 MEÁN FÓMHAIR 2007

RÁITEAS UM SHOCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS

AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2007

	30/9/2007	30/9/2006
	€	€
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	1,002,626,140	937,168,487
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	6,713,655	7,814,970
Banc	13,072,240	2,298,772
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA	19,785,895	10,113,742
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	659,335	523,607
DLITEANAIS IOMLÁNA	659,335	523,607
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	19,126,560	9,590,135
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA	1,021,752,700	946,758,622
Léirithe ag:		
Cistí atá á gcoinneáil do thairbhíthe ag deireadh na bliana	1,021,752,700	946,758,622

OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

SLIOCHT Ó NA RÁITIS AIRGEADAIS INIÚCHTA MAR A BHÍ AR 30 MEÁN FÓMHAIR 2007

RÁITEAS OIBRÍOCHTAÍ

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2007

	30/9/2007	30/9/2006
	€	€
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh i rith na bliana	7,761,001	5,718,120
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	12,539,527	30,604,979
Gnóthachain réadaithe ar aistriú amach i rith na bliana	919,161	1,521,579
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	21,219,689	37,844,678
Ioncam Infheistíochta	2,883,897	2,467,707
	24,103,586	40,312,385
Costais	(1,146,260)	(1,246,794)
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	22,957,326	39,065,591

OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

SLIOCHT Ó NA RÁITIS AIRGEADAIS INIÚCHTA MAR A BHÍ AR 30 MEÁN FÓMHAIR 2007

RÁITEAS UM ATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2007

	30/9/2007	30/9/2006
	€	€
MÉADUITHE AR SHÓCMHAINNÍ GLAN MAR THORADH AR OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide caiteachais	1,737,637	1,220,913
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	7,761,001	5,718,120
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	12,539,527	30,604,979
Gnóthachain réadaithe ar aistriú ó chistí	919,161	1,521,579
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	22,957,326	39,065,591
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	198,544,808	164,109,273
Eisíocaíochtaí	(146,508,056)	(115,762,284)
MÉADÚ I SÓCMHAINNÍ GLAN Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	52,036,752	48,346,989
Méadú ar ghlansócmhainní	74,994,078	87,412,580
Glansócmhainní ag tús na bliana	946,758,622	859,346,042
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	1,021,752,700	946,758,622

Sa Tuarascáil seo tá sleachta ó Thuarascáil agus Ráitis Airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2007. Tá Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais iomlána ar fáil ó Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, Teach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Baile Átha Cliath 7. Teileafón: 01-8886211 agus ar láithreán gréasáin na Seirbhíse ag www.courts.ie.

ADMHÁLACHA BHOSCA NA MBOCHT TRÍ OIFIGÍ NA GCÚIRTEANNA 2007

	Iarmhéid Tosaigh 01/01 €	Fáltais €	Íocaíochtaí €	Iarmhéid ar láimh 31/12 €
An Ard-Chúirt	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní
An Chúirt Chuarda	10,716.84	8,000	8,000	10,716.84
An Chúirt Dúiche	135,237.38	1,202,246.28	1,144,306.81	193,176.85
Iomlán	145,954.22*	1,210,246.28	1,152,306.81	203,893.69

* Bhí an t-iarmhéid tosaigh ar an 01/01/07 €473.35 níos mó ná an t-iarmhéid deiridh sa Tuarascáil Bhliantúil do 2006 de bharr sonraí athbheithnithe a chur oifigí na gcúirteanna ar fáil.

ADMHÁLACHA BHOSCA NA MBOCHT TRÍ OIFIGÍ NA GCÚIRTEANNA 2006

	Iarmhéid Tosaigh 01/01 €	Fáltais €	Íocaíochtaí €	Iarmhéid ar láimh 31/12 €
An Ard-Chúirt	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní
An Chúirt Chuarda	12,157.18	359.66	1,800.00	10,716.84
An Chúirt Dúiche	66,272.54	1,316,728.04	1,248,236.55	134,764.03
Olliomlán	78,429.72*	1,317,087.70	1,250,036.55	145,480.87

* Bhí an t-iarmhéid tosaigh an 01/01/06 €9,660.27 níos lú ná an t-iarmhéid deiridh sa Tuarascáil Bhliantúil do 2005 de bharr sonraí athbheithnithe a chur oifigí na gcúirteanna ar fáil.

AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tá an t-eolas seo a leanas curtha ar fáil de réir an Achta taobh istigh de threoirlínte a d'eisigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís chun a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc taobh istigh den teorainn ama atá luaite ar na sonraisc seo, nó mura bhfuil aon teorainn ama sainithe, taobh istigh den teorainn ama reachtúil. Cé go bhfuil na nósanna imeachta leagtha síos chun a chinntiú go gcomhlíontar an tAcht, ní thugann siad ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í, go gcomhlíonfar an tAcht.

Feidhmíonn na nósanna imeachta seo sa tréimhse airgeadais atá faoi athbhreithniú agus i gcás íocaíochtaí deireanacha, cuireadh na soláthróirí cuí ar an eolas agus íocadh an t-ús dlite leo.

Faoi réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, tá an t-eolas seo a leanas á chur ar fáil i leith an tréimhse airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2007:

(A) CLEACHTAIS ÍOCAÍOCHTA

Íocann an tSeirbhís soláthróirí de réir na dtéarmaí atá leagtha síos ar na sonraisc éagsúla nó na coinníollacha atá leagtha síos i gconarthaí aonair, más cuí. Ó 2002 i leith, is iad na gnáthchoinníollacha ná 30 lá.

(B) ÍOCAÍOCHTAÍ DEIREANACHA

Méid an tSonraisc	Líon na Sonraisc	An Méid Úis a íocadh i €
Faoi €100	178	3,825
Os Cionn €100	32	16,097
Iomlán	210	19,922



CAIBIDIL 8
TUARASCÁLACHA Ó NA COISTÍ A
DHÉANANN RIALACHA CÚIRTE

COISTE RIALACHA NA NUASCHÚIRTEANNA

Bunaíodh Coiste Rialacha na nUaschúirteanna faoi alt 67 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936, agus cuireadh cruth nua air faoi alt 15 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1953. Faoi Alt 68 d'Acht 1936 tá an cumhacht ag an gcoiste rialacha a dhéanamh, a chur ar ceal nó a athrú le cead ón Aire Díl agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Díl.

BALLRAÍOCHT AN CHOISTE AG DEIREADH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007:

- An tUasal Lyndon MacCann AS, arna ainmniú ag Comhairle Bharra na hÉireann
 - An tUasal Paul McGarry BL, arna ainmniú ag Comhairle Bharra na hÉireann
 - An tUasal Patrick Groarke, aturnae, arna ainmniú ag Díl-Chumann na hÉireann
 - An tUasal Patrick O'Connor, aturnae, arna ainmniú ag Díl-Chumann na hÉireann
 - An tUasal Noel Rubotham, an Stiúrthóir um Athchóiriú agus Forbairt, Seirbhís na gCúirteanna, a bhfuil ballraíocht tarmhligthe dó ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna faoi alt 30(2) den Acht um Sheirbhís Cúirteanna, 1998
 - An tUasal Mary Cummins, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit – ceaptha chun feidhmiú in ionad an Ard-Aighne faoi alt 36(4) d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002
- Rúnaí: An tUasal Maeve Kane, Clárathóir na Cúirte Uachtaraí
- Seirbhísí dréachtaithe: An tUasal Sean Barton, aturnae, Aturnaetha McCann FitzGerald
- An Príomh-Bhreitheamh, an tOnórach an Breitheamh John L. Murray (Cathaoirleach)
 - Uachtarán na hArd-Chúirte, an tOnórach an Breitheamh Richard Johnson (Leaschathaoirleach)
 - An tOnórach an Breitheamh Adrian Hardiman, breitheamh na Cúirte Uachtaraí
 - An tOnórach an Breitheamh Joseph Finnegan, breitheamh na Cúirte Uachtaraí
 - An tOnórach an Breitheamh Liam McKechnie, breitheamh na hArd-Chúirte
 - An tOnórach an Breitheamh Elizabeth Dunne, breitheamh na hArd-Chúirte
 - Máistir na hArd-Chúirte, an tUasal Edmund W. Honohan AS

Tháinig an Coiste le chéile cúig uaire i rith 2007 agus shínigh siad na rialacha seo a leanas:-

Teideal	Dáta arna síniú ag an gCoiste	I.R. uimhir	Dáta Gníomhaíochta
RU (an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006), 2007	18 Eanáir 2007	597 de 2007	26 Meán Fómhair 2007
RU (Dlínse, Aitheantas, Forfheidhmiú, agus Imeachtaí a Sheirbheáil), 2007	26 Aibreán 2007		Tarchurtha chuig an gCoiste ar an 21 Meitheamh 2007
RU (Orduithe Muirir), 2007	26 Aibreán 2007	416 de 2007	1 Lúnasa 2007
RU (Aistriú daoine ar gearradh pianbhreith orthu), 2007	21 Meitheamh 2007	417 de 2007	1 Lúnasa 2007
RU (Dlínse, Aitheantas, Forghníomhú agus Seirbheáil Imeachtaí), 2007	21 Meitheamh 2007	407 de 2007	29 Meitheamh 2007
RU (Costais), 2007	21 Meitheamh 2007		Ag fanacht air
RU (na hAchtanna um Cheartas Coiriúil 2006 agus 2007), 2007	18 Deireadh Fómhair 2007		Ag fanacht air
RU (Coinbhinsiún Cape Town), 2007	29 Samhain 2007		Ag fanacht air

I rith na bliana rinne an coiste uirill maidir le liosta na bpáirtithe a bhí incháilithe le tairiscint a chur isteach faoi Ordú 22 Riail 14 a mheas, an nós imeachta d'arratais faoi na hAchtanna Gárda Síochána (Cúiteamh) agus mionna na Saoire Fada.

Ag deireadh na bliana, bhí dréachtrialacha maidir le hachomhairc ón Armchúirt, Tuairisc ón nDlí-Chumann ar fhollasú agus moladh maidir le hAlt 10 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004 á mheas ag an gCoiste.

Maeve Kane

Rúnaí

COISTE RIALACHA NA CÚIRTE CUARDA

IS IAD TÉARMAÍ TAGARTHA AN CHOISTE NÁ:

- staidéar a dhéanamh ar athruithe reachtúla sa bhaile agus san AE agus leasú a dhéanamh ar Rialacha na Cúirte Cuarda maidir le Cleachtas agus Nósanna Imeachta nuair is gá chun na hathruithe seo a thógáil san áireamh
- athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Rialacha comhdhlúite na Cúirte Cuarda, 2001 de réir mar is gá
- saincheisteanna a bhaineann leis na Rialacha agus a d'ardaigh baill eile den Choiste agus dreamanna eile a bhfuil leas acu i gcleachtas agus nósanna imeachta na Cúirte Cuarda, a mheas.

BALLRAÍOCHT AN CHOISTE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007:

- An tOnórach an Breitheamh Matthew Deery, Uachtarán na Cúirte Cuarda (Cathaoirleach)
- An tOnórach an Breitheamh Alison Lindsay, breitheamh na Cúirte Cuarda
- An tOnórach, An Breitheamh Tony Hunt, breitheamh na Cúirte Cuarda
- An tUasal Patrick Hunt AS, arna ainmniú ag Comhairle Bharra na hÉireann
- An tUasal Fergal Foley AD, arna ainmniú ag Comhairle Bharra na hÉireann
- An tUasal Gerard J. Doherty, atur nae, arna ainmniú ag Dlí-Chumann na hÉireann
- An tUasal Joseph T. Deane, atur nae, arna ainmniú ag Dlí-Chumann na hÉireann
- An tUasal Ann Spaine, arna hainmniú ag an Ard-Aighne

- An tUasal Noel Rubotham AD, a bhfuil ballraíocht tarmilgthe dó ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi alt 30(2) den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998.

Rúnaí: An tUasal Susan Ryan, Cláraitheoir an Chontae, Baile Átha Cliath

Seirbhísí dréachtaithe: An tUasal Sean Barton, McCann Fitzgerald, aturnaetha

Tháinig an Coiste le chéile sé uaire i 2007.

I rith 2007 rinne an Coiste measúnú ar na nithe seo a leanas, agus é mar aidhm acu rialacha ar chleachtas agus nósanna imeachta sa Chúirt Chuarda a leasú nó rialacha nua a thabhairt isteach:

- An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006
- An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007
- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006
- An tAcht Sláinte (Scéim Aisioca), 2006
- Dul chun cinn na gCásanna Dlí Teaghlaigh

Lean an Coiste lena athbhreithniú ar leasuithe a bhí le déanamh ar Rialacha na Cúirte Cuarda, 2001, agus is é an toradh a bhí leis ná leasú ilchodach ar na Rialacha seo a chur i bhfeidhm le ionstraim reachtúil uimhir IR 312 de 2007.

Chaith an Coiste cuid mhaith ama i rith na bliana 2007 ag déanamh measúnú ar dréachtrialacha a bhaineann le héisteachtaí dul chun cinn cásanna a thabhairt isteach in imeachtaí dlí teaghlaigh. Mar gheall ar úire na nósanna imeachta agus an tionchar suntasach a bheadh acu ar na cásanna dlí teaghlaigh agus iad ag dul tríd an gCúirt, ceapadh go mbeadh sé inmholta na dréachtrialacha a scaipeadh chuig an gComhairle Barra agus chuig Coiste Dlí Teaghlaigh an Dlí-Chumainn i gcomhair breathnadóireachta. Fuarthas aighneachtaí i scríbhinn thar ceann an Chomhairle Barra agus an Dlí-Chumann araon i Meán Fómhair 2007. Bhí an Coiste thar a bheith buíoch as a gcuid barúlacha cabhrach inchiallaithe ar na dréachtrialacha.

I mí Aibreáin 2007 chuir an Cathaoirleach agus na Comhaltaí fáilte roimh an tOnórach an Breitheamh Alison Lindsay chuig an gCoiste.

D'éirigh an tOnórach an Breitheamh Katherine Delahunt as mar chomhalta den Choiste i nDeireadh Fómhair 2007. Admhaíonn an Cathaoirleach agus na Comhaltaí an méid a thug an Breitheamh don Choiste ó 2005 go 2007, lena n-áirítear a bheith ina Cathaoirleach in Aibreán, Bealtaine agus Meitheamh na bliana 2005. Mhol an Cathaoirleach gur ainmníodh an Breitheamh Tony Hunt chun dul in ionad an Bhreithimh Delahunt.

Cuireadh rialacha i bhfeidhm i 2007 i dtaobh na nithe seo a leanas:

- I.R. Uimh. 10 de 2007: Rialacha na Cúirte Cuarda (Achomhairc Leasa Shóisialaigh), 2007
- I.R. Uimh. 11 de 2007: Rialacha na Cúirte Cuarda (Sláinte Mheabhrach), 2007
- I.R. Uimh. 12 de 2007: Rialacha na Cúirte Cuarda (Na hAchtanna Caidrimh Thionscail), 2007
- I.R. Uimh. 169 de 2007: Rialacha na Cúirte Cuarda (Acht um Cheartas Coiriúil 2006), 2007
- I.R. Uimh. 312 de 2007: Rialacha na Cúirte Cuarda (Ginearálta), 2007
- I.R. Uimh. 446 de 2007: Rialacha na Cúirte Cuarda (An tAcht Sláinte (Scéim Aisioca), 2006), 2007
- I.R. Uimh. 588 de 2007: Rialacha na Cúirte Cuarda (Ombudsman Pinsean), 2006
- I.R. Uimh. 596 de 2007: Rialacha na Cúirte Cuarda (An tAcht um an Dí Coiriúil (Gealtacht), 2006), 2007

Susan Ryan

Rúnaí

COISTE RIALACHA NA CÚIRTE DÚICHE

Is é Coiste Rialacha na Cúirte Dúiche arna bhunú faoi alt 71 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936, an t-údarás a dhéanann na rialacha don Chúirt Dúiche. Is féidir leis an gCoiste rialacha a athrú nó a chur ar ceal agus rialacha nua a dhéanamh le cead ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Ballraíocht an Choiste ag deireadh na bliana dar críoch 31 Nollaig, 2007:

- Uachtarán na Cúirte Dúiche, an tOnórach an Breitheamh Miriam Malone (Cathaoirleach)
- An Breitheamh Uinsin MacGruairc, Breitheamh na Cúirte Dúiche
- An Breitheamh Mary Devins, Breitheamh na Cúirte Dúiche
- An Breitheamh Thomas E. O'Donnell, Breitheamh na Cúirte Dúiche
- An Breitheamh Brian Sheridan, Breitheamh na Cúirte Dúiche;
- An tUasal Fiona Twomey, Aturnae, arna hainmniú ag Dlí-Chumann na hÉireann
- An tUasal Joe Jeffers A.D., arna ainmniú ag Comhairle Bharra na hÉireann
- An tUasal Roy Pearson, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit – ceaptha chun feidhmiú in ionad an Ard-Aighne faoi alt 36(4) d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002
- An tUasal Noel A. Doherty, an Stiúrthóireacht um Athchóiriú agus Forbairt, Seirbhís na gCúirteanna, a bhfuil ballraíocht tarmligthe dó ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi Alt 30(2) den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998
- Bhíothas ag fanacht le hainmniúchán ó Dlí-Chumann na hÉireann chun teacht i gcomharba ar an tUasal Hugh O'Neill, Aturnae a bhí ina chomhalta den Choiste go dtí an 10 Nollaig 2007

Rúnaí: An tUasal Liz Hughes, Leas-Phríomhchléireach, Cúirt Dúiche Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath

Seirbhísí Dréachtaithe: An tUasal Sean Barton, aturnae, Aturnaetha McCann Fitzgerald.

Tháinig Coiste Rialacha na Cúirte Dúiche le chéile naoi n-uaire i rith 2007 agus rinne siad breithniú ar roinnt Rialacha agus rith siad iad. Shínigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí na Rialacha seo a leanas idir an 1 Eanáir 2007 agus an 31 Nollaig 2007:

I.R. Uimh.	Teideal	Dáta arna síniú ag an gCoiste	Dáta arna cur i bhfeidhm
I.R. 19 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (Achomhairc Sláinte Mheabhrach), 2007	27/11/06	21/2/07
I.R. 73 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (Barántais Binse), 2007	15/1/07	22/3/07
I.R. 82 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (Éilimh Bheaga), 2007	15/1/07	27/3/07
I.R. 97 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (Sláinte Mheabhrach), 2007	12/2/07	2/4/07
I.R. 152 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (Toghairmeacha Leanaí), 2007	5/3/07	26/4/07
I.R. 203 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006), 2007	15/1/07	31/5/07
I.R. 313 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (Seirbhís Phobail), 2007	14/5/07	20/7/07
I.R. 314 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006, Cuid 11), 2007	14/5/07	20/7/07
I.R. 408 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (Leanaí), 2007	14/5/07	27/7/07
I.R. 418 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (Toghairmeacha), 2007	18/6/07	1/8/07
I.R. 564 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (Trácht ar Bhóithre), 2007	18/6/07	24/8/07
I.R. 727 de 2007	Rialacha na Cúirte Dúiche (Gealtacht), 2007	5/3/07	22/11/07

Ghlac an Coiste buíochas leis an mBreitheamh John P. Brophy a bhí ina chomhalta ar feadh 15 bliana ó Eanáir 1992 go Eanáir 2007, leis an Uasal David Kelly, Abhcóide Comhairleach agus leis an Uasal Hugh O'Neill, ainmní Díl-Chumann na hÉireann as ucht a gcuid rannpháirtíochta gníomhaí le linn dóibh a bheith ina gcomhaltaí, tar éis dóibh ar fad éirí as a bheith ar an gCoiste le linn na bliana.

Ag deireadh na bliana tá na Rialacha seo a leanas atá sínithe ag an gCoiste ag fanacht ar cheadú an Aire:-

- Rialacha na Cúirte Dúiche (An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007)
- Rialacha na Cúirte Dúiche (An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006) (Uimh. 2)

Bhí breithniú á dhéanamh ag an gCoiste ar rialacha a bhaineann leo seo a leanas ag deireadh na bliana:

- Rialacha maidir le Barántas Cuardaigh
- Rialacha an Achta um Chúram Leanaí (Leasú) 2007

Liz Hughes

Rúnaí

CAIBIDIL 9
GLUAIS NA DTÉARMAÍ

CAIBIDIL 9

GLUAIS NA DTÉARMAÍ

Mionnscríbhinn - ráiteas scríofa a dhéantar faoi mhionn

Achomharc - imeacht a thionscnaíonn páirtí a raibh baint aige/aici le cás agus nach raibh sásta leis an gcinneadh a rinneadh, chuig chúirt a bhfuil an t-údarás aici athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sin nó é a chur i leataobh.

Láithreas - cáipéis a léiríonn go bhfuil sé beartaithe ag cosantóir caingean a chosaint nuair a seirbheáladh toghairm air nó uirthi chuig chaingean Cúirte Cuarda nó Ard-Chúirt

Ordú Urchoisc - ordú a chuireann cosc ar chéile dul isteach i dteach an teaghlaih nó foréigean a úsáid nó a bhagairt ar an gcéile eile nó ar bhaill teaghlaih

Bille Díolacháin - cáipéis a dhéanann leas i maoin shochorraithe a aistriú nó a mhorgáistiú

Ordú Cúraim - ordú a chuireann leanbh faoi chúram bhoird sláinte go dtí go sroicheann sé nó sí ocht mbliana dhéag d'aois nó ar feadh tréimhse níos giorra, de réir mar a chinneadh an chúirt

Caveat - fógra scríofa chuig an gcúirt a iarrann nach ndéanfaí aon rud maidir le heastát an duine mhairbh gan fógra a thabhairt don pháirtí a tháifead an caveat nó dá aturnae/dá haturnae

Liosta Deimhnithe - liosta cásanna ar dheimhnigh abhcóide go bhfuil siad réidh le haghaidh éisteachta

Bille Sibhialta - cáipéis a úsáidtear chun tús a chur le cás sa Chúirt Cuarda. Tugann sé mionsonraí na bpáirteanna a bhaineann leis an gcás agus mionsonraí an éilimh atá á dhéanamh

Éileamh - dearbhú cirt. Bealach chun éileamh a dhéanamh is ea cás a chur i gcoinne duine éigin

Coimisinéir Mionn - duine atá i dteideal mionnaí a riaradh agus mionnscríbhinní a thógáil

An Chúirt Achomhairc Armchúirteanna - an t-ainm a thugtar ar an gCúirt Achomhairc Choiriúil nuair a éistear le hachomhairc ón armchúirt (binsí fiosrúcháin míleata a thriaileann bhaill na bhfórsaí cosanta atá ar sheirbhís ghníomhach)

Gníomhas Aonpháirtí - gníomhas a chomhlánaíonn páirtí amháin, agus a úsáidtear go minic d'fhonn rún chun ainm a athrú a fhógairt

Cosaint - cáipéis a sheachadann an cosantóir chuig an ngearánaí mar fhreagairt ar bhille sibhialta nó toghairmeacha iomlánacha

Cosantóir - an duine a ndéantar caingean ina aghaidh nó ina haghaidh; an duine a chúisítear i gcion coiriúil

Teisteoir - an duine a dhéanann mionnscríbhinn a mhionnú

Ordú Cúraim Éigeandála - ordú a chuireann leanbh faoi chúram boird sláinte ar feadh tréimhse ocht lá ar a mhéid má mheasann an chúirt go bhfuil riosca tromchúiseach á bhagairt ar shláinte nó leas linbh

Cumhacht Mharthanach Aturnae - cáipéis a dhéanann foráil do bhainistíocht ghnóthaí duine ar éagumas meabhrach

Ex officio - de bhua a oifige/a hoifige

Ex parte - gan fógra don taobh eile de chaingean

In camera - éisteacht chúirte nach ligtear an pobal isteach ann

Díotáil - cáipéis fhoirmiúil a leagann amach cineálacha áirithe cúiseamh i gcoinne duine chúisithe nó an próiseas trína gcuirtear na cúisimh sin i láthair i gcoinne an duine chúisithe

Cion Indíotáilte - cion atá intrialte ar díotáil, má dhéanann duine fásta é

Urghaire - ordú cúirte a thugann ordú do pháirtí a bhaineann le caingean chun rud éigin a dhéanamh nó chun staonadh ó rud éigin a dhéanamh

Ordú urchoisc eatramhach - ordú láithreach a cheanglaíonn ar dhuine foréigineach teach an teaghlaih a fhágáil, ar feitheamh iarratais ar ordú urchoisc

Ordú cúraim eatramhach - ordú, a bhronntar nuair atá iarratas ar ordú cúraim déanta nó nuair atáthar chun iarratas a dhéanamh ar ordú cúraim, a cheanglaíonn go gcuirfí an leanbh a ainmnítear san ordú faoi chúram an bhoird sláinte

Díthiomnóir - bás a fháil gan uacht bhailí a dhéanamh

Athbhreithniú Breithiúnach - réiteach dlíthiúil atá ar fáil in imthosca inar sháraigh comhlacht nó binse fiosrúcháin an t-údarás dlí atá aige ina chuid feidhmíochta nó inar tháinig a fheidhmíocht salach ar an dualgas atá air

Idirscaradh breithiúnach - foraithe a thugann an chúirt chun céilí i bpósadh a scaoileadh saor ón oibleagáid atá orthu bheith ina gcónaí sa teach céanna

Dlínse - (a) cumhacht chúirte nó bhreithimh chun éisteacht le caingean, achainí nó imeacht eile, nó (b) an ceantar tíreolaíochta ina bhfeidhmíonn cumhacht den sórt sin

Lis Pendens – Caingean ar feitheamh – clárú caingne i gcoinne úinéara talún

Agra morgáiste - cineál imeachta chun fiach atá dlite do shealbhóir an urrúis ar mhaoin a aisghabháil - trí díol na maoine a bhrú ar aghaidh (de bhun morgáiste bhreithiúnais nó morgáiste chothromais de ghnáth)

Nolle Prosequi - bac a chuireann an t-ionchúiseamh ar imeachtaí coiriúla (níor chóir é seo a mheascadh le héigíontú)

Nótaire Poiblí - cleachtóir dlí, atur nae de ghnáth, a bhíonn ina fhinné nó ina finné le síniú cáipéisí nó a dhéanann cóipeanna díobh d'fhonn a bhfírinneacht a fhíorú, go háirithe chun go bhféadfaí iad a úsáid thar lear

Mionn - foirm focal a úsáideann duine chun glaoch ar a Dhia nó a Dia a bheith mar fhinné go bhfuil an méid a deireann sé nó sí fíor nó go ndéanfaidh sé nó sí an méid a gheallann sé nó sí a dhéanamh

Caingne bunaidh - caingne a thosaítear sa chúirt éisteachta (in ionad cásanna a ndéantar achomharc ina leith ó chúirt níos íochtaráí)

Gearánaí - duine a thionscnaíonn caingean dlí i gcoinne duine eile

Toghairm iomlánach - cáipéis a úsáidtear chun imeachtaí sibhialta áirithe a thionscnamh (m.sh. éilimh ar dhamáistí neamhshonracha, leabhal, núis) san Ard-Chúirt nuair a theastaíonn pléadálacha agus fianaise béil

Cumhacht Atur nae - gníomhas lena dtugann duine amháin cead do dhuine eile ionadaíocht a dhéanamh air nó uirthi, nó gníomhú ina áit nó ina háit go ginearálta nó chun críocha áirithe

Ordú Cosanta - ordú eatramhach, a bhronntar nuair atá iarratas ar ordú sábháilteachta/urchoisc déanta, a chuireann cosc ar dhuine aon ghníomhartha eile foréigneach a dhéanamh nó foréigean a bhagairt

Toghairm loncaim - foirm toghairme achomair a n-éistear léi ar mhionnscribhinn agus a úsáideann na Coimisinéirí loncaim chun imeachtaí sibhialta a thionscnamh san Ard-Chúirt chun suimeanna atá dlite a aisghabháil (m.sh. cánacha neamhíochta)

Ordú Sábháilteachta - ordú a chuireann cosc ar dhuine aon ghníomhartha eile foréigneach a dhéanamh nó a bhagairt. Ní chuireann sé cosc ar an duine dul isteach i dteach an teaghlaih.

Oifig Suí - cuid den Oifig Phrobháide i mBaile Átha Cliath ina ndéantar iarratais ó atur nae ar dheonuithe probháide agus riaracháin a phróiseáil.

Leagan síos do thriail - iarratas go leithdháilfí dáta éisteachta do chaingean

Ordú Díolúine Speisialta - ordú a thugann cead do cheadúnaí alcól a dhíol lasmuigh de na gnáthuaireanta ceadúnais faoi réir coinníollacha áirithe

Toghairm Speisialta - cáipéis a úsáidtear chun imeachtaí áirithe sibhialta (m.sh. éilimh chothromais, forfheidhmiú morgáiste, riarachán iontaobhas) a thionscnamh san Ard-Chúirt, a bhfuiltear le héisteacht leo ar mhionnscribhinn (is é sin, fianaise nach fianaise béil í)

Subpoena - ordú a eisítear i gcaingean a cheanglaíonn ar dhuine bheith i láthair ag áit agus am sonraithe chun críche sonraithe faoi fhionós

Subpoena ad testificandum - ordú chun freastal a dhéanamh agus fianaise a thabhairt

Subpoena duces tecum - ordú chun freastal a dhéanamh agus cáipéisí áirithe sonraithe a chur ar fáil

Breithiúnas Achomair - breithiúnas d'éileamh i ndáil le fiach nó éileamh sonrach airgeadaíochta. Tugtar an breithiúnas don ghearánaí i gcoinne an chosantóra in oifig chúirte gan aon ghá leis an éileamh a thabhairt chun na cúirte.

Toghairm Achomair - cáipéis a úsáidtear chun imeachtaí áirithe sibhialta a thionscnamh (m.sh. éilimh do shuim shonrach airgid, aisghabháil maoine ag tiarna talún) san Ard-Chúirt, a bhfuiltear chun éisteacht leis ar mhionnscribhinn

Ordú Maoirseachta - ordú a thugann údarás don bhord sláinte cuairt a thabhairt ar leanbh go tréimhsiúil chun é féin a shásamh maidir le leas an linbh agus a chuireann ar chumas an bhoird sláinte comhairle a thabhairt i dtaobh leas an linbh

Tréimhse feithimh - an tréimhse ama idir fógra a thabhairt do na hoifigí cúirte go bhfuil cás réidh le dul ar aghaidh chuig éisteacht/triail agus dáta socraithe na héisteachta/na trialach

FAISNÉIS BHREISE

FAISNÉIS BHREISE

TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE HOIFIGÍ NA SEIRBHÍSE

Tá eolas teagmhála le príomhoifigí na Seirbhíse ar an láithreán gréasáin. Is féidir an t-eolas seo a fháil, chomh maith, ón Oifig Faisnéise, An tSeirbhís Chúirteanna, Teach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Teileafón: 01-8886000.

EOLAÍ TEILEAFÓIN EIRCOM

Tá uimhreacha teileafóin do phríomhoifigí na Seirbhíse ar fáil sna leathanach uaine d'eolaithe reatha teileafóin eircom.

FAISNÉIS EILE

Tá mionsonraí na gcásanna cúirte atá ar siúl san Ard-Chúirt i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh ar taispeáint ar bhoird leictreonacha sna Ceithre Chúirt i mBaile Átha Cliath agus sna tithe cúirte i Sráid Washington, Corcaigh agus Inis.

Tá an Legal Diary, dialann dlí, ar fáil ar an láithreán gréasáin. Tugann sé mionsonraí de na cásanna a bhfuiltear chun éisteacht leo sa Chúirt Uachtarach, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, san Ard-Chúirt (lena n-áirítear an Phríomh-Chúirt Choiriúil), Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath agus go leor Cúirteanna Cuarda Réigiúnacha.

Tá Tuarascálacha Bliantúla na Seirbhíse, na Pleananna Straitéiseacha, an Plean Gnímh um Sheirbhís Custaiméirí, an Chairt Chustaiméirí agus foilseacháin eile, ina measc na cinn sin dá dtagraítear ar leathanaigh insert page numbers den Tuarascáil ar fáil ar an láithreán gréasáin.

Tá cóipeanna de gach foilseachán ar fáil ón Oifig Faisnéise.

LÁITHREÁN GRÉASÁIN

Féadtar rochtain a fháil ar an láithreán gréasáin ag www.courts.ie

ATURNAETHA

A & L Goodbody,
Aturnaetha,
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

McCann Fitzgerald,
Aturnaetha,
Cois Abhann a hAon,
Cé Sir John Rogerson,
Baile Átha Cliath 2.

INIÚCHÓIRÍ

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
Bloc an Stáitchiste,
An Clós Íochtarach,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2.
(Cuntais Leithghabhála)

Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte
Teach Deloitte & Touche
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

(Ráitis Airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais)